Tuarascáil Bhliantúil na Cúirte Oibreachais 2020




Á cur faoi bhráid an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.
faoi Alt 23(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946

# Clár na nÁbhar


Sonraí na Cúirte Oibreachais (2020) .... 4

Réamhrá an Chathaoirligh .... 5

.... 5

Forléargas .... 5

Príomh-Bhuaicphointí .... 5

Rialacha na Cúirte Oibreachais .... 5

Plean Straitéiseach 2019-2021 .... 6

Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó .... 6

Seomra Fíorúil Cúirte .... 6

An Líon Atreoruithe .... 6

Forbhreathnú ar Chaidreamh Tionsclaíoch .... 7

Athrú ar Chomhaltas na Cúirte le linn 2020 .... 7

Buíochas .... 7

Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais .... 9

1.1 Réamhrá Ginearálta .... 9

1.2 Caidreamh Tionsclaíoch .... 10

Fiosrúchán ar Dhíospóidí Caidrimh Thionsclaíoch .... 10

Achomhairc ar Mholtaí Oifigigh Breithnithe .... 11

Clárú Comhaontuithe Fostaíochta .... 11

Orduithe Fostaíochta Earnála .... 11

Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta .... 11

Cóid Chleachtais .... 12

1.3 Cearta Fostaíochta .... 12

1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais .... 13

An Chúirt Oibreachais .... 13

Éisteacht .... 14

Cláraitheoir .... 14

Riarachán na Cúirte Oibreachais .... 14

Caibidil 2 Súil Siar ar an mBliain ..... 15
2.1 Ceannlínte ..... 15
2.2 Achomhairc chuig an gCúirt ..... 15
2.4 Éisteachtaí sceidealaithe ..... 17
2.5 Cásanna Caidrimh Thionsclaíoch ..... 17
2.6 Cásanna Ceart Fostaíochta ..... 18
Caibidil 3 Atreoruithe díospóide ..... 20
3.1 Treocht cúig bliana 2016 – 2020 ..... 20
3.2 An Timpeallacht Chaidrimh Thionsclaíoch in 2020 ..... 20
Caibidil 4 Gníomhaíochtaí eile le linn 2020 ..... 21
4.1 Seomra Fíorúil Cúirte ..... 21
4.2 Comhchoistí Oibreachais ..... 23
Gníomhaíochtaí sa Réimse seo in 2020 ..... 23
4.2 Orduithe Rialúcháin Fostaíochta ..... 23
Gníomhaíochtaí sa réimse seo in 2020 ..... 24
4.3 Comhchomhairlí Tionsclaíocha ..... 24
4.4 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe ..... 24
4.5 Orduithe Fostaíochta Earnála ..... 24
Gníomhaíochtaí sa Réimse seo in 2020 ..... 25
OFE do Sheirbhísí Tógála Innealtóireachta Meicniúla ..... 25
OFE don Tionscail Fhoirgníochta ..... 26
5.0 Seirbhísí Inmheánacha ..... 26
Bainistiú Airgeadais ..... 26
Seirbhís do Chustaiméirí ..... 26
Meabhrán Tuisceana ..... 26
Aguisíní ..... 27
Aguisín1: Staitisticí caidrimh thionsclaíoch ..... 28
Aguisín 2: Staitisticí cearta fostaíochta ..... 30
Aguisín 3: Comhchomhairlí Tionsclaíocha Cláraithe ..... 34
Aguisín 4: Tuilleadh faisnéise ..... 35
Aguisín 5: Tuarascáil airgeadais don bhliain 2020 ..... 36
Íocaíochtaí Prasa ..... 36
Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don bhliain 2020 ..... 37

## Sonraí na Cúirte Oibreachais (2020)



*940 Achomharc/Atreorú*



*1065 Éisteacht Sceidealaithe*



*794 Cás a Tugadh chun Críche*



*13 Comhalta*



*22 (20.4cl) Riarthóir*



*€2.8m a caitheadh*

## Réamhrá an Chathaoirligh



### *Forléargas*

Bhí bliain dhúshlánach ag an gCúirt Oibreachais in 2020, mar a bhí ag go leor eagraíochtaí agus earnálacha na sochaí freisin. Chuaigh éigeandáil na sláinte poiblí i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí na Cúirte agus laghdaíodh cumas na Cúirte éisteachtaí fisiciúla a reáchtáil. Chuaigh an Chúirt i ngleic leis an dúshlán seo trí oibríocht na Cúirte a mhionathrú chun teacht leis na cúinsí athraithe.

Roimh Márta 2020, reáchtáladh gach éisteacht de chuid na Cúirte Oibreachais ó bhí 1946 ann i seomraí fisiciúla na cúirte. Nuair a tháinig srianta sláinte isteach, cuireadh na héisteachtaí ar fad ar ceal ar feadh tamaill agus seomraí fisiciúla na cúirte á gcóiriú chun teacht le treoirlínte na sláinte poiblí chun sábháilteacht úsáideoirí, na foirne agus na gcomhaltaí a chinntiú.

Nuair a bhí sé soiléir nach mbeifí in ann éisteachtaí a reáchtáil i seomra fisiciúil na cúirte ar feadh tamaill eile, d'athchóirigh an Chúirt a modh seachadta seirbhíse. Forbraíodh seomra fíorúil cúirte i ndiaidh caidrimh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach le heagrais ionadaíochta na bhfostóirí, le Ceardchumainn agus le comhaltaí dlí.

Forbraíodh prótacail scríofa chun ord a chur ar imeachtaí seomraí fíorúla cúirte chun tacú le próiseas achomhairc neamhchlaonta, agus téagartha ó thaobh an dlí de, a sholáthar. Ar an 4 Samhain 2020, shínigh an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta dhá Ionstraim Reachtúil faoin **Acht um Dhlí Sibhialta agus Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2020**. Thug sé seo stádas mar eagras poiblí don Chúirt Oibreachais agus thug a forálacha reachtúla cead di cruinnithe agus éisteachtaí a reáchtáil ó chian. Threisigh an fhorbairt seo acmhainn na Cúirte Oibreachais chun éisteachtaí a reáchtáil i seomra fíorúil cúirte nuair a bhíothas sásta gur tháinig éisteacht mar seo leis an ngá gnáthaimh chóra a chinntiú.

### *Príomh-Bhuaicphointí*

Mar aon lena feidhmeanna reachtúla, chuir an Chúirt Oibreachais roinnt tionscnamh chun cinn le linn 2020 agus leagtar roinnt de na nithe príomhúla amach thíos:

### *Rialacha na Cúirte Oibreachais*

Soiléiríonn Rialacha na Cúirte Oibreachais, mar a rinneadh iad faoin reacht, gnáthaimh ionas go dtabharfar cúnamh d'úsáideoirí na seirbhíse riachtanais an phróisis a thuiscint. Leanann an Chúirt ar aghaidh ag athnuachan, ag feabhsú agus ag simpliú a cuid rialacha. Ar an 30 Márta 2020, d'aisghair an Chúirt **Rialacha na Cúirte Oibreachais, 2019** agus chuir **Rialacha na Cúirte Oibreachais, 2020 ina n-áit.**

### *Plean Straitéiseach 2019-2021*

Lean an Chúirt Oibreachais uirthi ag cur a plean straitéiseach i bhfeidhm, plean a dearadh chun a chinntiú go bhfuil sí in ann a misean a bhaint amach, chun "s*ocruithe ardchaighdeáin, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus cinntiúchán a dhéanamh ar achomhairc i ndíospóidí bunaithe ar an dlí fostaíochta."* Tá spriocanna agus cuspóirí faoi leith leagtha síos sa Phlean Straitéiseach don Chúirt Oibreachais do thréimhse trí bliana, rud a chumasaíonn í díriú ar a príomhchuspóirí agus chun acmhainní a shannadh i slí eagraithe chun cur lena misean. Tá an Chúirt ar an mbóthar ceart chun na cuspóirí seo atá leagtha síos sa Phlean Straitéiseach a bhaint amach.

### *Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó*

Tá córais riaracháin éifeachtacha éifeachtúla lárnach i gcumas na Cúirte Oibreachais a feidhmeanna reachtúla a sheachadadh i slí a chuireann le seachadadh a seirbhís éifeachtach don phobal. In 2020, chuir an Chúirt tús le moltaí ón Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó, a rinneadh in 2019, a chur i bhfeidhm. I measc na moltaí seo bhí an chéim thábhachtach i dtreo an digitithe agus cruthú córas bainistíochta cásanna nua don Chúirt. Faoi dheireadh 2020, bhí sonraíocht don chóras seo á meas. Fuair digitiú riarachán na n-éisteachtaí seo ugach, nach raibh súil leis, ó éigeandáil na sláinte poiblí, a raibh greim aici ar an Stát le linn na bliana, agus an Chúirt ag dearadh córas chun éisteacht le achomhairc ó chian.

### *Seomra Fíorúil Cúirte*

Dearadh an seomra fíorúil cúirte mar bhealach chun údarás na Cúirte Oibreachais a sheachadadh chun socruithe ardchaighdeáin, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí caidrimh thionsclaíoch a réiteach agus cinntiúchán a dhéanamh ar achomhairc i ndíospóidí bunaithe ar an dlí fostaíochta, é seo ar fad agus tús áite á thabhairt do shábháilteacht na rannpháirtithe. Éiríonn leis an teicneolaíocht atá ar fáil a úsáid, gan mórán costais ag baint leis, chun ardán iomasach inrochtana a chur ar fáil do pháirtithe díospóideacha ionas gur féidir leo a gcásanna a léiriú don Chúirt agus freagra a thabhairt ar aon chás atá á dhéanamh ina gcoinne sa Chúirt maidir le díospóidí a bhaineann le cúrsaí fostaíochta.

Bhain forbairt sheomra fíorúil na cúirte leas as tionscnaimh eile a bhí á ndéanamh ag an gCúirt Oibreachais cheana féin, lena n-áirítear an próiseas achomhairc a chur ar líne, i slí a bhí sábháilte ó thaobh an dlí de, simpliú na ndoiciméad achomhairc agus cur i bhfeidhm socruithe chun ligean do pháirtithe a n-aighneachtaí scríofa a chur faoi bhrád na Cúirte ar líne.

### *An Líon Atreoruithe*

In 2020, fuair an Chúirt 940 atreorú faoi na reachtanna éagsúla laistigh dá dlínse. 1,182 atreorú a bhí ann in 2019 agus léiríonn sé seo laghdú 20.47%. Laghdaíodh líon na n-atreoruithe i gcásanna a bhain le caidrimh thionsclaíocha ó 479 atreorú in 2019 go 316 atreorú in 2020, a léiríonn athrú de 34%. Laghdaíodh líon na n-atreoruithe i gcásanna a bhain le cearta fostaíochta ó 703 atreorú in 2019 go 624 atreorú in 2020, laghdú 11.24%.

In 2020, b'ionann an chomhréir d'atreoruithe a rinneadh leis an gCúirt a bhí bunaithe ar chearta fostaíochta agus 66.38% - níorbh ionann seo agus an chomhréir a bhí i gceist in 2015 nuair b'ionann an chomhréir d'atreoruithe díospóidí faoi chaidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta agus 50:50 caol díreach, nach mór. Ceaptar go leanfaidh an treocht seo le formhór na n-atreoruithe/na n-

achomharc a dhéantar sa Chúirt ag teacht as réimse na ceart fostaíochta in ionad caidrimh thionsclaíoch amach anseo.

### *Forbhreathnú ar Chaidreamh Tionsclaíoch*

Cuirtear i gcuntas sa tuarascáil seo in áiteanna eile leibhéal leanúnach réasúnta íseal de ghníomhaíocht díospóide tionsclaíche sa gheilleagar. Tagann ráta íseal de ghníomhaíocht thionsclaíoch in 2020 le treochtaí atá ann le fada an lá i ngníomhaíocht díospóide. Cé gurb é tuairim na Cúirte é gur príomhchuid de thimpeallacht chothrom i gcaidrimh thionsclaíoch é comh-mhargáil chun réitigh a bhaint amach sna dúshláin atá roimh fhiontair agus ionaid oibre de ghnáth, ní mór go gcuirfeadh scéal 2020 in iúl na srianta a bhí i bhfeidhm ar ghníomhaíocht in ionaid oibre, rud a raibh lámh aige sna leibhéil ísle de dhíospóidí tionsclaíocha sa gheilleagar. Tá an chuma air chomh maith gur thug oibrithe agus fostóirí araon i seirbhísí riachtanacha amhail déantús agus dáileadh bia, miondíol, cúram sláinte, iompar, dramhaíl agus riarachán poiblí tús áite do na seirbhísí riachtanacha seo a chur ar fáil don mhórphobal, agus mar gheall air seo, tá seans ann nach raibh an phráinn chéanna ag baint le fadhbanna maidir le caidrimh thionsclaíocha ná mar a bhíodh de ghnáth.

In ainneoin éifeachtaí na paindéime agus na srianta a bhain leis, áfach, lean páirtithe ar fud an gheilleagair ar aghaidh ag cur díospóidí tionsclaíocha agus díospóidí a bhaineann leis an dlí fostaíochta in institiúidí caidrimh thionsclaíoch an Stáit chun cinn in ord agus in eagar. Leanann moltaí na Cúirte maidir le díospóidí tionsclaíocha ar aghaidh ag fáil glacadh deonach i bhformhór mór na gcásanna, fad is a fhanann ráta achomhairc chinntí na Cúirte a bhaineann le cearta an-íseal. Tuairim na Cúirte ná go léiríonn an ráta glactha seo maidir le cinntí agus moltaí na Cúirte bailíocht leanúnach ár mbonneagar réitigh díospóidí i dtimpeallachtaí deonacha agus éigeantacha araon. Cinntíonn gealltanas leanúnach na Cúirte chun tréimhsí feithimh d'éisteachtaí a íoslaghdú chun staid na Cúirte mar '*Cúirt na Dídine Deiridh*' i ndíospóidí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch a chinntiú, chomh maith le '*Foras Achomhairc Aonair*' i ndíospóidí a bhaineann leis an dlí fostaíochta. Cinntíonn siad seo go mbíonn staid na Cúirte ábhartha agus riachtanach chun caidrimh eagraithe in ionaid oibre a chinntiú ar fud an gheilleagair. Bhí creatlach oibríochta na Cúirte go hiomlán difriúil in 2020 i gcomparáid leis an taithí a bhí ann cheana, mar a leagtar síos thuas. Ní mór don Chúirt taifead a dhéanamh den fhreagairt iontach fiúntach a fuarthas ó oibrithe, fostóirí agus a n-ionadaithe mar gheall ar an seomra fíorúil cúirte agus ní mór di a aithint gurb é toilteanas na bpáirtithe leasmhara sin na teicneolaíochta nua do sheomra na cúirte a lig don Chúirt seirbhís phoiblí éifeachtach a chur ar fáil le linn 2020. Cé go raibh minicíocht na n-iarratas ar éisteachtaí a chur siar dúshlánach d'oibríocht na Cúirte, tá mé sásta go raibh formhór mór na n-iarratas seo bailí agus go léiríonn siad fíordheacrachtaí in ionad iarrachtaí straitéiseacha chun achomharc a reáchtáil nó scrúdú a dhéanamh ar dhíospóidí trádála ar pháirt na Cúirte.

### *Athrú ar Chomhaltas na Cúirte le linn 2020*

Chríochnaigh tréimhse oifige an Uas. Andrew McCarthy mar chomhalta oibrí sa Chúirt in Aibreán 2020. I mí an Mheithimh 2020, cheap an tAire English an tUas. Paul Bell, ainmniúchán de chuid Chomhar Ceardchumann na hÉireann, mar chomhalta oibrí in ionad an Uas. McCarthy.

### *Buíochas*

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'obair agus tiomantas chomhaltaí agus fhoireann na Cúirte Oibreachais le linn 2020. Bhí go leor athruithe ar ghnáthaimh agus ardáin a bhí an le fada an lá i gcúrsaí riaracháin agus i seomra na cúirte i mbliana. Léirigh foireann agus comhaltaí na Cúirte a gcuid tiomantais maidir leis an tseirbhís phoiblí, go háirithe agus iad ag dul i ngleic le dúshlán an athraithe

in 2020 agus ba mhaith liom an meas atá agam orthu as a n-éacht a chur ar an taifead, éacht a chinntiú gurbh fhéidir le hoibrithe agus fostóirí brath ar an gCúirt chun a dualgas reachtúil a sheachadadh le linn na paindéime.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Fiona O'Dea a bhí i gCeann Riaracháin na Cúirte Oibreachais don chéad leath den bhliain go dtí go bhfuair sí ardú céime, agus do Bernie Byrne a tháinig chuid an gCúirt i lár na bliana chun an ról ceannaireachta sin a ghlacadh. Thug an bheirt chomhghleacaithe seo tacaíocht luachmhar agus saineolas dom agus mé ag bainistiú cúrsaí riaracháin na Cúirte in 2020.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Leo Varadkar agus leis an Aire Stáit um Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol, Damien English, as a gcuid tacaíochta leanúnaí d'obair na Cúirte. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Orlaigh Quinn, Ardrúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus Clare Dunne, an Leas-Ardrúnaí sa Roinn sin, a bhfuil freagracht aici don Rannóg um Rialú Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch, as a gcuid tacaíochta leanúnaí don Chúirt mar institiúid atá ag croílár bhonneagar an Stáit um réitigh díospóide agus as a gcuid tacaíochta domsa mar Chathaoirleach. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair Tara Coogan agus a foireann sa Rannóg um Rialú Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch a bhí ina taca luachmhar don Chúirt i mbliana.

**Kevin Foley**
**Cathaoirleach**
**Meitheamh 2021**

## Caibidil 1 Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais

### *1.1 Réamhrá Ginearálta*

Bunaíodh an Chúirt Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1946. Is iad feidhmeanna na Cúirte cabhair a sholáthar chun saincheisteanna caidrimh thionsclaíocha a réiteach. Cuireadh barr feabhais suntasach ar fhreagrachtaí agus ról na Cúirte le himeacht na mblianta mar thoradh ar an méadú a tháinig ar reachtaíocht fostaíochta náisiúnta agus Eorpach araon agus achtú an Achta Caidrimh Thionscail, 2015, a fhorálann go bhfuil dlínse aonair achomhairc ag an gCúirt Oibreachais anois i ngach díospóid a thagann chun solais faoi achtacháin um chearta fostaíochta.

Is féidir feidhm na Cúirte a roinnt go forleathan idir a cuid oibre um chaidreamh tionsclaíoch (na saincheisteanna siúd a thagann os comhair na Cúirte faoi fhorálacha na nAchtanna Caidrimh Thionscail), agus a cuid oibre um chearta fostaíochta (na cásanna a tharchuirtear chuig an gCúirt faoi Achtanna na gCeart Fostaíochta).



*Ráiteas Misin na Cúirte Oibreachais*
Chun socruithe ardchaighdeáin córa neamhchlaonta a sholáthar do réiteach díospóidí caidrimh thionsclaíoch agus cinntiú achomharc i ndíospóidí a bhaineann leis an dlí fostaíochta.




## 1.2 Caidreamh Tionsclaíoch

Déantar foráil sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015, don bhaint a bhíonn ag an gCúirt Oibreachais san earnáil chaidrimh thionscail. Tá feidhmeanna éagsúla ag an gCúirt, agus is iad seo a leanas a príomhfheidhmeanna:

### *Fiosrúchán ar Dhíospóidí Caidrimh Thionsclaíoch*

Is ó iarrachtaí an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais (CCO) (trí chruinnithe idir-réitigh idir na páirtithe difriúla) teacht ar réiteach comhaontaithe a thagann mórchuid de na díospóidí a thagann os comhair na Cúirte chun imscrúdú a dhéanamh orthu. 'Atreoraítear' díospóid chuig an gCúirt nuair a iarrann an dá pháirtí ar an gCúirt scrúdú a dhéanamh ar an díospóide. Nuair a dhéantar an t-iarratas sin don Chúirt, beidh éisteacht aici, agus d'fhéadfadh sí 'Moladh' a chur ar fáil ina dhiaidh sin (agus déanann de ghnáth), ina leagtar amach tuairimí na Cúirte, bunaithe ar fhiúntas na díospóide, maidir le réiteach réasúnta ar an tsaincheist nó ar na saincheisteanna faoi dhíospóid. Níl an moladh ina cheangal ar na páirtithe ach bíonn súil ag an gCúirt go smaoiníonn na páirtithe go dáiríre agus go cóir ar mholadh 'Cúirt na Dídine Deiridh' a d'iarr siad.

In ionad próiseas idir-réitigh leis an CCO, is féidir le ceachtar den dá pháirtí díospóidí a atreorú go díreach chuig an gCúirt nuair a aontaíonn siad roimh ré go nglacfaidh siad le moladh na Cúirte.

Tá forálacha speisialta ann a bhaineann le díospóidí sa chás nach bhfuil socruithe idirbheartaíochta i bhfeidhm laistigh den fhostaíocht. I gcás dá leithéid, eiseoidh an Chúirt moladh i ndiaidh a himscrúdaithe agus mura gcloífear le téarmaí an mholta laistigh de thréimhse faoi leith, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas, 'Cinntiúchán' infheidhmithe a eisiúint.

### *Achomhairc ar Mholtaí Oifigigh Breithnithe*

Féadtar díospóid chaidrimh thionsclaíoch a bhaineann le hoibrí amháin a tharchur ar dtús chuig Coimisinéir um Chearta chun Moladh a fháil. Féadfaidh ceachtar páirtí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais maidir le Moladh an Bhreithneora, agus tar éis éisteacht leis na páirtithe, eiseoidh an Chúirt 'Cinneadh' a bheidh de cheangal ar na páirtithe.

### *Clárú Comhaontuithe Fostaíochta*

Tugtar cur síos ar shaothar na Cúirte sa réimse seo níos déanaí sa Tuarascáil Bhliantúil. Go ginearálta, beidh ar an gCúirt comhaontú ar phá agus coinníollacha fostaíochta a chlárú ag oibrithe d'aon aicme, saghas nó grúpa, a rinneadh idir ceardchumann nó ceardchumainn oibrithe agus ina bhfuil breis agus fostóir nó ceardchumann amháin nó níos mó, nach bhfuil ina cheangal ach ar na páirtithe leis an gcomhaontú maidir le hoibrithe na haicme, an tsaghais nó an ghrúpa sin

### *Orduithe Fostaíochta Earnála*

I ndiaidh don Chúirt Oibreachais iarratas a fháil, féadfaidh sí tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar theidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí, moladh a dhéanamh leis an Aire maidir leis an gceist. D'fhéadfaí go ndéanfaí iarratas dá leithéid ag aon cheann díobh seo a leanas:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe le ceardchumann, nó eagraíocht fostóirí (ní mór go ndéanfadh an ceardchumann oibrithe agus an eagraíocht fostóirí ionadaíocht chuí ar na hoibrithe agus na fostóirí san earnáil lena mbaineann an t-iarratas).

Má tá an tAire sásta gur chomhlíon an Chúirt Oibreachais an próiseas dá bhforáiltear san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. Sa chás go ndéantar an t-ordú sin, beidh sé ina cheangal i measc na hearnála lena mbaineann sé, agus beidh sé infheidhmithe ag an CCO.

### *Comhchoistí Oibreachais/Orduithe Rialaithe Fostaíochta*

Tugtar cur síos ar an réimse seo gníomhaíochtaí den Chúirt Oibreachais níos déanaí sa Tuarascáil.

Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha faoi chathaoirleach neamhspleách atá i gComhchoiste Oibreachais (CCO). Foilsíonn an CCO mionsonraí nuair a thagann siad ar chomhaontú i leith téarmaí agus coinníollacha, agus tugtar cuireadh roimh aighneachtaí. Féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh, tar éis don aighneacht a bhreithniú, d'fhonn Ordú Rialúcháin Fostaíochta (ORF) a dhéanamh.

Is éard atá in ORF ionstraim reachtúil ina leagtar síos rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóir shainithe oibre in earnáil ar leith. De bhun tograí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus ar ghlac an Chúirt Oibreachais leo, déanann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ordú a dheimhníonn téarmaí an ORF má tá sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla. Ní mór gach ordú a dhéanann an tAire a chur faoi bhráid gach Tí an Oireachtais agus féadfar iad a chur ar neamhní le réiteach ceachtar Tí.

### *Cóid Chleachtais*

Déanann an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990, foráil do 'chóid chleachtais' maidir le caidreamh tionsclaíoch a bheith ullmhaithe ag an CCO. Nuair a bhíonn cód den sórt sin i bhfeidhm, is féidir iarratas a dhéanamh freisin chuig an gCúirt maidir le sárú ar an gcód. Ina theannta sin, féadtar gearán a dhéanamh faoi shárú cóid a dhéanamh leis an gCúirt.

## *1.3 Cearta Fostaíochta*


Baineann príomhchúram na Cúirte i réimse na gceart fostaíochta le bheith mar an bhforas achomhairc aonair d'achomharc cinntí Oifigigh Bhreithnithe CCO a dhéantar de réir achtacháin na gceart fostaíochta.

Chomh maith leis sin, faomhann an Chúirt comhaontuithe comhoibre a dhéantar faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 agus comhaontuithe comhchoiteanna i dtaca le fostaithe ócáideacha páirtaimseartha faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001.

## *1.4 Struchtúr na Cúirte Oibreachais*

### *An Chúirt Oibreachais*


Tá 13 comhalta lánaimseartha ag an gCúirt Oibreachais: Cathaoirleach, ceithre Leaschathaoirleach agus ocht nGnáthchomhalta, ceathrar acu sin ar Comhaltaí Fostóirí iad agus ceathrar acu ar Comhaltaí Oibrithe iad.




**Nóta:** Ceaptar an Cathaoirleach, an Leaschathaoirleach agus an Cláraitheoir i ndiaidh comórtas poiblí a gcomhordaíonn na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.  Ceapann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta gnáthchomhaltaí i ndiaidh ainmniúcháin IBEC de Chomhaltaí Fostóirí agus ICTU de Chomhaltaí Oibrithe.

### *Éisteacht*

Déanann Rannóg de chuid na Cúirte ar a bhfuil Cathaoirleach nó Leaschathaoirleach de chuid na Cúirte, Comhalta Oibrí agus Comhalta Fostóra gach éisteacht de chuid na Cúirte.





### *Cláraitheoir*

Déanann Cláraitheoir na Cúirte Oibreachais seirbhísí agus comhairle dlí a aimsiú agus a sholáthar don Chúirt Oibreachais i dtabhairt faoina feidhmeanna reachtúla.

### *Riarachán na Cúirte Oibreachais*

Tacaíonn seirbhís riaracháin le feidhm na Cúirte Oibreachais ina bhfuil fostaithe buana ar státseirbhísigh iad agus atá mar chuid de bhunaíocht soláthair foirne na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a shanntar don am i láthair don Chúirt Oibreachais.




## Caibidil 2 Súil Siar ar an mBliain

### *2.1 Ceannlínte*

Le linn 2020, bhain na rudaí seo a leanas leis an gCúirt Oibreachais:

- fuair sí 940 achomharc/atreorú;
- sceidealaíodh 1065 éisteacht;
- ceadaíodh 373 éisteacht a chur siar, ag teacht as iarratais de chuid na bpáirtithe nó mar thoradh ar shrianta COVID-19;
- cuireadh 794 cás i gcrích; agus
- bhí 217 cás réidh le clárú ag deireadh 2020.

*Fig. 1: Gníomhaíochtaí Ceannlínte*





### *2.2 Achomhairc chuig an gCúirt*

Ar an iomlán bhí laghdú 20.47% ar achomhairc chuig an gCúirt Oibreachais in 2020, i gcomparáid leis an mbliain roimhe (ó 1,182 go 940).

B'ionann na hAtreoruithe agus na hAchomhairc faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2015 agus 33.61% den iomlán. Léirigh an cineál seo atreoraithe / achomhairc laghdú foriomlán de 34% ar fud líon na n-achomharc comhchosúil a fuarthas in 2019 (ó 479 go 316).

B'ionann atreoruithe faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta agus 66.38% de chásanna a tháinig chun na Cúirte, arb ionann sin agus laghdú 11.24% (ó 703 in 2019 go 624).

*Fig 2: Achomhairc a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta chuig an gCúirt*




Féach Aguisín 1 agus 2 le haghaidh miondealú mionsonraithe ar na figiúirí achomhairc ceannlínte seo.

## 2.4 Éisteachtaí sceidealaithe





Sceidealaigh an Chúirt 1065 éisteacht san iomlán in 2020. Bhí 35% acu seo sceidealaithe i seomra fíorúil cúirte. Ceadaíodh 373 éisteacht a chur siar, ag teacht as iarratais de chuid na bpáirtithe nó mar thoradh ar shrianta COVID-19 le linn 2020. D'imir COVID-19 tionchar ar líon na n-éisteachtaí a reáchtáil an Chúirt in 2020, leis an acmhainn chun éisteachtaí fíorúla laghdaithe go suntasach agus le linn tréimhsí áirithe den dianghlasáil bhí cosc orthu. Mar fhreagairt ar dhúnadh na seomraí fisiciúla cúirte go déanach i mí an Mhárta, chruthaigh an Chúirt seomra fíorúil cúirte. Tosaíodh le seomraí fíorúla cúirte i mí an Mheithimh agus ó shin i leith tá úsáid bainte ag an gCúirt Oibreachais as seomraí fíorúla agus fisiciúla cúirte chun leanúint na seirbhíse a chinntiú agus chun a chinntiú go n-éistfí leis an oiread cásanna agus arbh fhéidir. Tháinig méadú ar líon agus cineál na n-éisteachtaí a reáchtáladh sa seomra fíorúil cúirte de réir agus a chuaigh an Chúirt agus a húsáideoirí i ngleic leis an gcóras agus a rinneadh forbairt ar na prótacail.

## 2.5 Cásanna Caidrimh Thionsclaíoch

Fuarthas 316 atreorú faoi na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946-2015. Cuireadh 306 cás i gcrích (i.e. tugadh moladh, cinntiúchán, nó cinneadh nó tharraing an pháirtí atreoraithe an t-ábhar siar) in 2020.

Féadtar téacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt moladh a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, [www.labourcourt.ie](http://www.labourcourt.ie).

*Fig. 3: Gníomhaíocht maidir le cásanna caidrimh thionsclaíoch*





Tá eolas maidir le próifíl na gcásanna caidrimh thionsclaíoch a fuarthas agus a cuireadh i gcrích in 2020 ar fáil in Aguisín 1.

## 2.6 Cásanna Ceart Fostaíochta

Fuair an Chúirt 624 achomharc a bhain le cearta fostaíochta in 2020. Cuireadh 488 cás i gcrích (i.e. tugadh moladh, cinntiúchán, nó cinneadh nó tharraing an pháirtí atreoraithe an t-ábhar siar) in 2020.

Féadtar téacs gach ceann de na hachomhairc inar eisigh an Chúirt cinntiúchán a léamh ar láithreán gréasáin na Cúirte, www.labourcourt.ie.


*Fig. 4: Gníomhaíocht maidir le achomhairc ceart fostaíochta*




Tá eolas maidir le próifíl na n-achomharc ceart fostaíochta a fuarthas, a cuireadh i gcrích agus a tarraingíodh siar in 2020 ar fáil in Aguisín 2.

As na 624 achomharc ceart fostaíochta a fuair an Chúirt le linn 2020, bhain 56.08% díobh le hachomhairc faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 - 2017, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2012 agus an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

*Figiúr 5: Gníomhaíocht maidir le hachomhairc a bhain le Dífhostú Éagórach, Comhionannas agus Eagrú Ama Oibre*




Feidhm na Cúirte Oibreachais chomh maith ná cinntiúchán a dhéanamh ar chinntí an Oifigigh Bhreithnithe de réir réimse lán na reachtaíochta cosanta fostaíochta atá ann faoi láthair.


Féach Aguisín 2 le haghaidh staidreamh mionsonraithe do ghníomhaíochtaí cásanna.

## Caibidil 3 Atreoruithe díospóide

### *3.1 Treocht cúig bliana 2016 – 2020*

Chonaic an Chúirt leibhéal leanúnach réasúnta íseal de ghníomhaíocht díospóide tionsclaíche sa gheilleagar le linn 2020.

*Fig. 7: Líon na n-atreoruithe de dhíospóidí fostaíochta agus tionsclaíocha, 2016 – 2020*




### *3.2 An Timpeallacht Chaidrimh Thionsclaíoch in 2020*

Bhí seacht ndíospóid thionsclaíocha in 2020, a raibh 22,076 oibrí mar chuid de. Ar an lámh eile bhí 42,656 oibrí bainteach le naoi ndíospóid thionsclaíocha in 2019.

*Tábla 1: Díospóidí tionsclaíocha 2016-2020*

| Catagóir | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na nDíospóidí** | 7 | 9 | 10 | 10 | 10 |
| **Líon na nGnóthas** | 7 | 9 | 10 | * n/b | 10 |
| **Líon na nOibrithe** | 22,076 | 42,656 | 1,814 | 9,456 | 29,372 |
| **Líon na Laethanta a Cailleadh** | 21,704 | **n/a | 4,050 | 50,191 | 71,647 |

** Níl líon iomlán na gcomhlachtaí a raibh baint acu le díospóidí tionsclaíocha in 2017 ar fáil toisc nach raibh an CSO in ann líon na gcomhlachtaí a raibh baint acu i ndíospóid thionsclaíoch amháin san earnáil fhoirgníochta i R2 agus R3 in 2017 a chruthú.*

*** Ní raibh an CSO in ann a chruthú líon na laethanta a cailleadh i R4 2019 agus mar sin de, ní raibh in ann líon iomlán na laethanta a cailleadh in 2019 a chruthú.*

**Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh**

## Caibidil 4 Gníomhaíochtaí eile le linn 2020

### *4.1 Seomra Fíorúil Cúirte*

Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 in earrach 2020 ar chumas na Cúirte Oibreachais a seirbhísí a chur ar fáil. Mar fhreagairt ar an dúshlán seo, forbraíodh seomra fíorúil cúirte chun ligean don Chúirt Oibreachais leanúint ar aghaidh lena húdarás a chomhlíonadh chun tacaíocht a thabhairt do réiteach díospóidí tionsclaíocha agus chun cinntiúchán a dhéanamh ar achomharc i ndíospóidí a bhaineann le cearta fostaíochta. Tá an Chúirt Oibreachais ag baint úsáid as an seomra fíorúil cúirte ó bhí mí an Mheithimh 2020 ann, chomh maith le héisteachtaí ar an láthair, chun seirbhísí na Cúirte a chur ar fáil.

Ó 1946 i leith, bhí an Chúirt Oibreachais ag reáchtáil éisteachtaí na Cúirte i seomraí fisiciúla cúirte amháin. Ní mór na páirtithe díospóideacha chomh maith le Cúirt Oibreachais le trí chomhalta bheith i láthair i suíomh fisiciúil amháin chun éisteacht le cás má úsáidtear an modh sin. De ghnáth, bíonn rochtain ag an bpobal ar éisteachtaí na cúirte i seomra fisiciúil cúirte chomh maith. Príomhchúram oibríochtaí na Cúirte ná an cumas seirbhís a chur ar fáil do pháirtithe atá páirteach i ndíospóid san ionad oibre.

Mar gheall ar ghéarchéim na sláinte poiblí, COVID-19, ní raibh an Chúirt in ann seomraí fisiciúla cúirte a úsáid agus ní raibh sí in ann éisteachtaí fisiciúla a reáchtáil. D'imir an t-imeacht seo tionchar láithreach tubaisteach ar chumas na Cúirte seirbhís a chur ar fáil don phobal.

Chuir an Chúirt grúpa oibre ar bun a bhí dírithe ar an teicneolaíocht a úsáid chun cruthú seomra fíorúil cúirte a chruthú. An phríomhchuspóir ná seomra fíorúil cúirte a bhaint amach a bhí láidir agus cóir ó thaobh an phróisis de ionas gurbh fhéidir leis na próisis seasamh i gcoinne grinnfhiosrúchán breithiúnach.

Rinne an grúpa oibre staidéar deisce ar úsáid na teicneolaíochta chun tacaíocht a thabhairt d'éisteachtaí na Cúirte i ndlínsí áirithe ar fud na hEorpa agus in institiúidí stáit um réitigh díospóidí ar fud an domhain. Bhí comhairliúchán le Seirbhísí Cúirte na hÉireann agus freagairt mhuiníneach fhoireann TF na Roinne ríthábhachtach sa réiteach teicneolaíochta. Ba é an cinneadh chun bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i slí oscailte thrédhearcach fíorthábhachtach i rannpháirtíocht na bpríomhpháirtithe, chun gnáthamh a aistriú ón bhformáid ina reáchtáladh é le fada an lá, próiseas a raibh idirghníomhaíocht fhisiciúil, go hardán a bhí go hiomlán fíorúil agus a bhí ag brath ar an teicneolaíocht. Bhí gá ag an gcuspóir seo le cur chuige a lig do pháirtithe leasmhara inmheánacha na Cúirte, chomh maith le réimse éagsúil úsáideoirí na Cúirte an t-ardán a thuiscint ionas gurbh fhéidir leo muinín a fhorbairt ina gcumas féin cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach leis an gCúirt sa tslí nua seo.

Forbraíodh sraith phrótacal scríofa chun ord a chur ar imeachtaí chun tacú le próiseas achomhairc neamhchlaonta a sholáthar. Forbraíodh treoir úsáideora go tapa, atá ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe in éisteachtaí fíorúla. Is doiciméid bheo iad na prótacail agus treoracha seo atá á n-athbhreithniú agus á n-athrú i gcónaí, agus bainistítear forbairt leanúnach sheomra fíorúil na cúirte de réir bhonneagar riaracháin na Cúirte ar bhonn leanúnach ag grúpa tiomanta ina bhfuil comhaltaí agus foireann na Cúirte. Anuas air seo, forbraíodh prótacail inmheánacha chun cabhrú le comhaltaí na Cúirte, agus tuilleadh scileanna a thabhairt dóibh, chomh maith leis an bhfoireann tacaíochta chun an tseirbhís fhíorúil a chur ar fáil.

De bharr an tseomra fhíorúil cúirte tá rogha rathúil eile ann in ionad éisteachtaí fisiciúla toisc gur cuireadh srian leo seo de bharr riachtanas scartha sóisialta, nó toisc gur cuireadh siar iad le linn na dtréimhsí ina raibh srian ar ghluaiseacht. As na héisteachtaí ar fad a reáchtáladh idir Meitheamh 2020 agus deireadh na bliana, bhí 70% acu ar siúl i seomra fíorúil cúirte a lig don Chúirt leanúint lena seirbhís a chur ar fáil in ainneoin na srianta de bharr na paindéime. Molann aiseolas neamhfhoirmiúil/starógach, chomh maith le haiseolas níos struchtúrtha atá faighte ó fhóraim áirithe úsáideoirí go nglactar go maith leis an seomra fíorúil cúirte i measc an phobail atá anois an-chleachtaithe leis an saol fíorúil. Dearcadh na Cúirte ná gur seirbhís ‘bharrfheabhsaithe’ é an seomra fíorúil cúirte do thimpeallacht fhíorúil atá oiriúnach d’úsáideoirí don fhadtéarma, ní hamháin seirbhís oiriúnaithe de bharr leibhéal na taithí atá ag an tsochaí ar an saol fíorúil.




Fuair Seomra Fíorúil Cúirte na Cúirte Oibreachais gradam ag an ‘Civil Service Excellence and Innovation Recognition Event’ i mí na Samhna 2020, sa chatagóir ‘Excellence in Customer Services.’




Ionadaithe na Foirne Seomra Cúirte Fíorúla leis an nGradam

## *4.2 Comhchoistí Oibreachais*

Sna hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 - 2015, foráiltear córas Comhchoistí Oibreachais (CCOanna), meicníocht atá deartha chun gur féidir íosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta reachtúla a leagan síos in earnálacha ar leith.

Is ionadaithe d'fhostóirí agus oibrithe san earnáil ábhartha sin a bheidh ar an CCO faoi chathaoirleach neamhspleách. Foilsíonn an CCO mionsonraí nuair a thagann siad ar chomhaontú i leith téarmaí agus coinníollacha, agus tugtar cuireadh roimh aighneachtaí. Féadfaidh an Coiste tograí a dhéanamh, tar éis don aighneacht a bhreithniú, d'fhonn Ordú Rialúcháin Fostaíochta a dhéanamh (féach 4.2 thíos).

Tacaíonn an Chúirt Oibreachais le hobair na CCOanna trí Rúnaíocht, cóiríocht agus saoráidí eile a sholáthar dá gcruinnithe.

Ceanglaíonn Alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 ('an tAcht') ar an gCúirt Oibreachais athbhreithniú a dhéanamh ar gach Comhchoiste Oibreachais (CCO) ar a laghad uair amháin gach cúig bliana. Rinne an t-athbhreithniú deireanach ar an 20 Aibreán 2018. I ndiaidh chur i gcrích an Athbhreithnithe sin agus i ndiaidh don Aire orduithe a dhéanamh, tá na CCOanna seo a leanas ann:

1. Oibrithe Talmhaíochta
2. Lónadóireacht
3. Glanadh ar Conradh
4. Gruagaireacht
5. Óstáin
6. Miondíol, Grósaeireacht agus Comhthrádálacha
7. Tionscail na Slándála
8. Earnáil na Scoileanna Béarla

## *Gníomhaíochtaí sa Réimse seo in 2020*

Bhuail na CCOanna um Ghlanadh ar Conradh agus Tionscail na Slándála le chéile in 2020 chun aontú le hOrduithe Rialuithe Fostaíochta nua/athbhreithnithe dá n-earnálacha faoi seach.

Rinne an tAire Stáit ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Pat Breen, Ordú Bunaithe um Chomhchoiste Oibreachais do Scoileanna Béarla ar an 11 Feabhra 2020.

### *4.2 Orduithe Rialúcháin Fostaíochta*

Is éard atá in Ordú Rialúcháin Fostaíochta (ORF) ionstraim reachtúil ina leagtar síos rátaí pá agus coinníollacha fostaíochta a bhaineann le gráid nó catagóir shainithe oibre in earnáil ar leith. De bhun tograí a fhaightear ón CCO don earnáil sin agus ar ghlac an Chúirt Oibreachais leo, déanann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ionstraim reachtúil a dheimhníonn téarmaí an ORF má tá sé sásta gur comhlíonadh na coinníollacha reachtúla atá san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2012.

*Gníomhaíochtaí sa réimse seo in 2020*

Ghlac an Chúirt Oibreachais le hOrdú Rialúcháin Fostaíochta (ORF) do Ghlantóirí ar Conradh agus chuir Damien English, an tAire Stáit don Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol i bhfeidhm go Reachtúil é ar an 10 Nollaig 2020.

Chuir CCO na Slándála dréacht-thograí isteach chun leasú a dhéanamh ar an ORF (IR 23 2017) a bhí ann cheana i mí Dheireadh Fómhair agus Nollaig 2020.

## *4.3 Comhchomhairlí Tionsclaíocha*

Is éard atá i gceist le "*Comhchomhairle Tionsclaíoch cháilithe*" (CCT) comhlacht idirghabhála deonach do thionscail nó do chuid de thionscail atá ina n-ionadaí d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach sa reachtaíocht caidrimh thionsclaíoch, féadfaidh sé iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an gCúirt. Má bhíonn an Chúirt sásta leis an iarratas, cuirfidh siad an comhlacht ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na CCTanna trí oifigeach den Chúirt a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe. Ag deireadh 2020, b'ann do 5 CCTanna ghníomhacha ar an gClár agus, amhail a cheanglaítear faoi alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, áirítear sonraí fúthu seo in Aguisín 3.

Amach ó na cúig chomhlacht ar Chlár na CCTanna, is ann do líon comhlachtaí eile a thugann faoi ghníomhaíochtaí comhchosúla ach nach ndearna iarratas ar chlárú – CCT an Tionscail Chonraitheoireachta Leictrí agus CCT Fhostaithe Tionscail an Stáit. Ina theannta sin, cuireann an Chúirt Oibreachais oifigeach den Chúirt ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag cruinnithe na gcomhlachtaí sin, agus d'fhreastail oifigigh na Cúirte ar ceithre chruinniú de chuid CCT Fhostaithe Tionscail an Stáit.

## *4.4 Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe*

Déantar foráil san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 chun meicníocht a thabhairt isteach athuair chun comhaontuithe fostaíochta a chlárú idir fostóir nó fostóirí agus ceardchumainn a rialaíonn téarmaí agus coinníollacha i bhfiontair aonair.

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 ar chomhaontú fostaíochta:

*"comhaontú a bhaineann le luach saothair nó le coinníollacha fostaíochta oibrithe d'aon aicme, saghas nó grúpa a dhéantar idir ceardchumann nó ceardchumainn oibrithe agus fostóir amháin nó níos mó nó ceardchumann fostóirí amháin nó níos mó, atá ina cheangal ar na páirtithe leis an gcomhaontú i dtaca le hoibrithe na haicme, an tsaghais nó an ghrúpa sin."*

Nuair a bhíonn an Chúirt Oibreachais sásta go sásaíonn comhaontú a chuirtear i láthair na ceanglais reachtúla ábhartha, cláróidh sí an comhaontú. Is é an éifeacht a bhíonn aige seo ná go ndéantar forálacha an chomhaontaithe infheidhmithe le dlí maidir le gach oibrí den aicme, saghas nó grúpa lena mbaineann sé go sainráite.

### *4.5 Orduithe Fostaíochta Earnála*

Cuireadh orduithe fostaíochta earnála (OFEanna) ar bun faoin Acht Caidrimh Thionscail, 2015 chun córas a chur ar bun do shocrú pá na hearnála. Cuspóir na creatlaí reachtaíochta reatha ná íosrátaí pá a shocrú a léiríonn scileanna agus oiliúint na n-oibreoirí i réimse, cineál nó grúpa (printísigh san

áireamh), foráil do shaoire bhreoiteachta agus pinsean d'earnáil. Tá gnáthamh réitigh díospóidí sa OFE agus gníomhaíonn sé chun comhaontú tionscail a chur chun cinn agus achrann a íoslaghdú.

I ndiaidh don Chúirt Oibreachais iarratas a fháil, féadfaidh sí tús a chur le hathbhreithniú a dhéanamh ar theidlíochtaí pá agus pinsin agus pá breoiteachta oibrithe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí, moladh a dhéanamh leis an Aire maidir leis an gceist. D'fhéadfaí go ndéanfaí iarratas dá leithéid ag aon cheann díobh seo a leanas:

- Ceardchumann oibrithe;
- Ceardchumann nó eagraíocht fostóirí; nó
- Ceardchumann oibrithe le ceardchumann nó eagraíocht fostóirí (ní mór go ndéanfadh an ceardchumann oibrithe agus an eagraíocht fostóirí ionadaíocht chuí ar na hoibrithe agus na fostóirí san earnáil lena mbaineann an t-iarratas).

Má tá an tAire sásta gur chomhlíon an Chúirt Oibreachais an le forálacha an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. Sa chás go ndéantar an t-ordú sin, beidh sé ina cheangal i measc na hearnála lena mbaineann sé, agus beidh sé infheidhmithe ag an CCO.

### *Gníomhaíochtaí sa Réimse seo in 2020*

I mí an Mheithimh 2020, rialaigh an Ard-Chúirt go ndearnadh reachtaíocht ghinte ultra vires den Ordú Fostaíochta Earnála (Earnáil na Conraitheoireachta Leictrí) (IR 251 2019), a sholáthraíonn íosrátaí pá agus ábhair eile d'oibrithe in earnáil na conraitheoireachta leictrí.

Rinneadh dhá bhreithiúnas de chuid na hArd-Chúirte, ceann amháin i mí an Mheithimh agus an ceann eile i mí Iúil 2020. Chinn an chéad bhreithiúnas nach ndearnadh an ionstraim reachtúil a rialaíonn pá leictreoirí san earnáil fhoirgníochta go bailí, i.e. an tOrdú Fostaíochta Earnála (Earnáil na Conraitheoireachta Leictrí) 2019. Bhí dhá chinneadh faoi leith sa chonclúid seo. An chéad chinneadh ná, nach raibh údarás ag an Aire Stáit, ar roinneadh na cúraimí leis, chun an reachtaíocht thánaisteach a chur i bhfeidhm i gcásanna nár chloígh an Chúirt Oibreachais le riachtanais Chaibidil 3 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015. An dara cinneadh ná go raibh an chaibidil ábhartha den reachtaíocht ghinte, a mhaígh gur cheadaigh sé orduithe fostaíochta earnála, neamhbhailí de bharr na bhforálacha in Alt 15.2.1 den Bhunreacht. Chuir an Ard-Chúirt bac ar an bhfógairt mhíbhunreachtúil i mí Iúil 2020, ag feitheamh le hAchomharc chuig an gCúirt Uachtarach.

Ceadaíodh cead d'achomharc rialú na hArd-Chúirte ar Orduithe Fostaíochta Earnála (OFEanna) go díreach chuig ag an gCúirt Uachtarach ar an 21 Deireadh Fómhair 2020, chomh maith le tras-achomharc ag an gcomhlacht conraitheoireachta leictrí a tharraing an cás.

**Suíomh Reatha:**

Éisteadh le hachomharc na Cúirte Uachtaraí i mí Feabhra 2021 agus táthar ag feitheamh leis an gcinneadh agus é seo á scríobh.

### *OFE do Sheirbhísí Tógála Innealtóireachta Meicniúla*

I mí Mheán Fómhair 2020 fuair an Chúirt Oibreachais comhiarratas ó Cheardchumann Connect agus Unite the Union chun scrúdú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha Earnáil Conraitheoireachta na Seirbhísí Tógála Innealtóireachta Meicniúla. Foilsíodh fógra rún na Cúirte um scrúdú a dhéanamh de réir alt 15 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 i mí na Samhna 2020. Níl aon éisteacht

phoiblí chun éisteacht leis na páirtithe ar fad a bhaineann leis na haighneachtaí a rinneadh sceidealaithe go fóill agus níl aon mholadh déanta chuig an Aire agus é seo á scríobh.

### *OFE don Tionscail Fhoirgníochta*

I mí Dheireadh Fómhair 2020, fuair an Chúirt Oibreachais iarratas ón gCónaidhm Tionscail Fhoirgníochta chun scrúdú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha san Earnáil Fhoirgníochta. Níl an Chúirt i ndiaidh aon scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus é seo á scríobh.

## *5.0 Seirbhísí Inmheánacha*

### *Bainistiú Airgeadais*

Tá an Chúirt Oibreachais á maoiniú ag an Státchiste, tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Thabhaigh an Chúirt caiteachas dar luach €2,775,619 le linn 2020. Chuimsigh sé seo €2,580,585 i dtaca le pá agus €195,034 i dtaca le neamhphá. Déantar airgead uile na Cúirte Oibreachais a riar trí bhuiséad na Roinne agus is cuid de chuntais na Roinne é. Chomh maith lena tairiscintí féin a eagrú, bhain an Chúirt leas chomh maith as íostarraingt ón Roinn i réimsí amhail foghlaim agus forbairt. Déantar monatóireacht sheasmhach ar an gcaiteachas agus déantar athbhreithniú air gach mí.

Le haghaidh tuilleadh sonraí féach Aguisín 5: Tuarascáil Airgeadais don Bhliain 2020.

### *Seirbhís do Chustaiméirí*

Oibríonn an Chúirt Oibreachais faoi Chairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Plean Gnímh 2019-2021. Leagann an Chairt an leibhéal ar féidir leis na húsáideoirí seirbhíse súil bheith acu leo má bhíonn orthu seirbhísí na Cúirte a úsáid. Déanann an Plean Gnímh do Chustaiméirí cur síos ar an tslí a sheachadfar na tiomantais agus na caighdeáin a leagtar amach sa Chairt do Chustaiméirí de réir phrionsabail threoracha an QCS ar glacadh leo ar fud na seirbhíse poiblí.

#### *Meabhrán Tuisceana*

In 2020 d'ullmhaigh an Chúirt Oibreachais Meabhrán Tuisceana (MT) lena máthair-Roinn (an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta) i gcomhlíonadh an cheanglais faoi chinneadh an Rialtais an 15 Samhain 2011 agus faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a foilsíodh an 17 Samhain 2011 do gach Roinn chun, *inter alia*, Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse láidre a chur i bhfeidhm lena gComhlachtaí Stáit faoi Mheitheamh 2012.

Gheall an Chúirt go soláthródh sí comhaontú leibhéal seirbhíse de réir na dtáirgí insoláthartha agus na gcritéar feidhmíochta atá sainithe ina clár oibre bliantúil atá curtha isteach aici, mar atá leagtha amach in Aguisín 6 agus de réir na reachtaíochta ábhartha uile.

THE LABOUR COURT

An Chúirt Oibreachais



# Aguisíní

## Aguisín1: Staitisticí caidrimh thionsclaíoch

*Tábla 1.1 Próifíl na gcásanna caidrimh thionsclaíoch a fuarthas*

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **Achomharc ar Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe** | Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 | 89 | 127 |
| | Alt 10(1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 | 0 | 1 |
| | Alt 45(A), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946 | 23 | 4 |
| **Atreorú Díreach** | Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 | 141 | 207 |
| | Alt 20(2), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969 | 0 | 1 |
| | Alt 2(1), An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001 | 1 | 3 |
| | Alt 26(5), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 | 0 | 4 |
| | Alt 12(1), An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015 | 0 | 1 |
| **Seirbhís Chomhréitigh** | Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990 | 62 | 131 |
| **Iomlán** | | **316** | **479** |

*Tábla 1.2: Gníomhaíocht maidir le cásanna caidrimh thionsclaíoch in 2020 de réir catagóire*

| | Cásanna a Fuarthas | | Aistarraingthe & Críochnaithe | | | Cinntí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | Uimhir Cuideachta | Tarraingthe siar | Socraithe | Cinntí | Seasadh leis an nGearán | Cealaithe | Athraithe | Bhí an gearán as | Atreorú Díreach |
| **Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 2015** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **S10 (1) IR (Forálacha Ilghnéitheacha) Acht 2004** | 0 | 0 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **S20(1) IR Acht 69** | 0 | 0 | 34 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **S32 an Achta Caidrimh Thionscail, 1946** | 0 | 0 | 35 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **S33(1) an Achta Caidrimh Thionsclaíoch, 1946** | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Alt 2 (1), an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú), 2001** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Alt 13(9), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969** | 74 | 15 | 17 | 11 | 43 | 20 | 7 | 15 | 0 | 1 |
| **Alt 20(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1969** | 141 | 0 | 26 | 5 | 61 | 0 | 0 | 0 | 0 | 61 |
| **Alt 26(1), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1990** | 62 | 0 | 13 | 2 | 52 | 0 | 0 | 2 | 0 | 50 |
| **Alt 45(A), an tAcht Caidrimh Thionscail, 1946** | 22 | 0 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Móriomlán** | **301** | **15** | **131** | **18** | **157** | **21** | **7** | **17** | **0** | **112** |

## Aguisín 2: Staitisticí cearta fostaíochta

*Tábla 2.1: Gníomhaíocht maidir le hachomhairc ceart fostaíochta in 2020 de réir catagóire*

| | Achomhairc a Fuarthas | | Aistarraingthe & Críochnaithe | | | Cinntí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | Uimhir Cuideachta | Tarraingthe siar | Socraithe | Cinntí | Seasadh leis an nGearán | Cealaithe | Athraithe | Bhí an gearán as am | Atreorú Díreach |
| **Éagothrom Dismissal** | 133 | 41 | 56 | 15 | 39 | 21 | 6 | 9 | 1 | 2 |
| **An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta** | 73 | 14 | 26 | 4 | 21 | 15 | 1 | 0 | 2 | 3 |
| **Eagrú Ama Oibre** | 46 | 15 | 59 | 0 | 10 | 1 | 2 | 5 | 1 | 1 |
| **Téarmaí Fostaíochta** | 34 | 21 | 9 | 5 | 12 | 1 | 5 | 4 | 1 | 1 |
| **Íocaíocht Pá** | 33 | 31 | 15 | 5 | 38 | 14 | 12 | 7 | 1 | 4 |
| **Íosfhógra agus Téarmaí Fostaíochta** | 20 | 16 | 15 | 3 | 12 | 9 | 1 | 0 | 0 | 2 |
| **Iomarcaíocht Íocaíochtaí** | 13 | 18 | 11 | 1 | 13 | 11 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas** | 11 | 1 | 10 | 2 | 6 | 4 | 0 | 1 | 0 | 1 |
| **Nochtadh Cosanta** | 12 | 2 | 2 | 3 | 6 | 2 | 0 | 1 | 0 | 3 |
| **Obair Théarma Shocraithe** | 8 | 0 | 14 | 0 | 3 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| **Íosmhéid Pá** | 8 | 0 | 6 | 0 | 6 | 2 | 1 | 2 | 1 | 0 |
| **Obair Théarma Shocraithe** | 4 | 0 | 11 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Saoire do Thuismitheoirí** | 3 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosaint Fostaithe Fostóir Dócmhainneacht** | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Aistriú Gealltanas** | 3 | 22 | 2 | 1 | 7 | 5 | 0 | 1 | 1 | 0 |
| **Cosaint Tomhaltóirí** | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

| | Achomhairc a Fuarthas | | Aistarraingthe & Críochnaithe | | | Cinntí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Oibrí | Uimhir Cuideachta | Tarraingthe siar | Socraithe | Cinntí | Seasadh leis an nGearán | Cealaithe | Athraithe | Bhí an gearán as am | Atreorú Díreach |
| **Iompar Soghluaiste ar Bhóithre** | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Oifigeach Breithnithe Achomhairc** | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Saoire Chúramóra** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **An tAcht um Cheartas Coiriúil** | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosaint Mháithreachais** | 1 | 2 | 1 | 3 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Caomhnú an Achta Fostaíochta** | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **An tAcht Pinsean** | 1 | 0 | | | | | | | | |
| **Mí-Úsáid Páistí a Thuairisciú** | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Fógra um Achomharc Comhlíonta** | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **An tAcht Sláinte** | 0 | 0 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Cosaint Éilliú** | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Foráil Eolas Comhairliúchán** | 0 | 0 | 17 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 |
| **Alt 77(12) Fostaíochta um Chomhionannas Fostaíochta** | 19 | 9 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Obair Ghníomhaireachta Shealadach** | 0 | 1 | 0 | 0 | 3 | 0 | 2 | 1 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **430** | **194** | **265** | **43** | **180** | **89** | **32** | **34** | **8** | **17** |

*Tábla 2.2: Próifíl achomhairc na gceart fostaíochta a fuarthas*

| Alt/Acht/Iarratas | 2020 | 2019 | % |
|---|---|---|---|
| **Achtanna um Dhífhostú Éagórach** | **174** | **223** | **-21.97%** |
| Alt 8A, Achtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 - 2015 | 174 | 223 | |
| **Comhionannas** | **115** | **87** | **32.18%** |
| Alt 83, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 | 87 | 76 | |
| Alt 77(12), an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 | 28 | 11 | |
| **Íoc Pá** | **64** | **88** | **-27.27%** |
| Alt 7(1), an tAcht um Íoc Pá, 1991 | 64 | 88 | |
| **Eagrú Ama Oibre** | **61** | **78** | **-21.79%** |
| Alt 28(1), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 56 | 69 | |
| Alt 28(8), an tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 | 5 | 9 | |
| **Téarmaí Fostaíochta** | **55** | **60** | **-8.33%** |
| Alt 8(1), an tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994-2018 46 *1 | 55 | 60 | |
| **Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta** | **36** | **42** | **-14.29%** |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 – 2005 | 36 | 42 | |
| **Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta** | **31** | **29** | **6.90%** |
| Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 – 2014 | 31 | 29 | |
| **Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas** | **25** | **14** | **78.57%** |
| Alt 11(1), Rialacháin na CE (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003 | 25 | 14 | |
| **Nochtadh Cosanta** | **14** | **14** | **0.00%** |
| Alt 12(2), an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014 | 14 | 14 | |
| **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair** | **12** | **17** | **-29.41%** |
| Alt 29(1), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | 12 | 17 | |
| **Cásanna um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe)** | **8** | **9** | **-11.11%** |
| Alt 15(1) Cosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003 | 8 | 9 | |
| **Pá Íosta Náisiúnta** | **8** | **9** | **-11.11%** |
| Alt 27(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | 7 | 8 | |
| Alt 31(1), an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000 | 1 | 1 | |
| **Cosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha)** | **4** | **8** | **-50.00%** |
| Alt 17(1), an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 | 4 | 8 | |
| **Saoire Thuismitheoireachta** | **4** | **2** | **100.00%** |
| Alt 19(1), na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006 | 4 | 2 | |
| **Gach achomharc eile a fuair an Chúirt** | **13** | **23** | |
| Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984-2012 | 3 | 0 | **n/b** |

| Alt/Acht/Iarratas | 2020 | 2019 | % |
|---|---|---|---|
| Alt 33(1), an tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994 | 3 | 4 | **-25.00%** |
| Na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 agus 2014 | 2 | 2 | **0.00%** |
| An tAcht um Cheartas Coiriúil | 1 | 0 | **n/b** |
| An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Ghníomhaireachta Shealadach), 2012 | 1 | 4 | **-75.00%** |
| Mí-Úsáid Páistí a Thuairisciú | 1 | 0 | **n/b** |
| Alt 19, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar de Bhóthar) (Eagrú Ama Oibre Daoine i mbun Gníomhaíochtaí Soghluaiste Iompair ar Bhóithre), 2012 | 1 | 3 | **-66.67%** |
| Alt 81(1), an tAcht Pinsean, 1990 | 1 | 5 | **-80.00%** |
| Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta) 2000 | 0 | 1 | **-100.00%** |
| Alt 15(1), Acht na bhFostaithe (Soláthar Eolais agus Comhairliúcháin), 2006 | 0 | 1 | **-100.00%** |
| Alt 28, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | 0 | 1 | **-100.00%** |
| Alt 42, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 | 0 | 0 | **n/b** |
| Alt 55(M)(11) an Achta Sláinte 2004 agus 2007 | 0 | 1 | **-100.00%** |
| Alt 8A(5), an tAcht um Éilliú a Chosc (Leasú), 2001 | 0 | 1 | **-100.00%** |
| **Iomláin** | **624** | **703** | **-11.24%** |

## Aguisín 3: Comhchomhairlí Tionsclaíocha Cláraithe

Tugtar na sonraí seo a leanas de chomhlachais ar Chlár na gComhchomhairlí Tionsclaíocha le linn na tréimhse a chlúdaítear leis an tuarascáil seo; tugtar iad de réir cheangaltais alt 23(3) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946.

1. Comhbhord Eadrána agus Idir-Réitigh do Thionscal Buataisí agus Bróg na hÉireann

   Dáta Clárúcháin: 10 Iúil 1948

   Rúnaí: Ms. C. Cronin/Ms. C. O'Reilly, An Chúirt Oibreachais

2. Comhchomhairle Thionsclaíoch do Thrádáil Mórdhíola na dTorthaí agus na nGlasraí i mBaile Átha Cliath

   Dáta Clárúcháin: 27 Eanáir 1964

   Rúnaí: Ms. C. Cronin/Ms. C. O'Reilly, An Chúirt Oibreachais

3. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Trádála

   Dáta Clárúcháin: 26 Iúil 1965

   Rúnaí: Ms. C. Cronin/Ms. C. O'Reilly, An Chúirt Oibreachais

4. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Slándála

   Dáta Clárúcháin: 12 Nollaig 2011

   Rúnaí: Ms. C. Cronin/Ms. C. O'Reilly, An Chúirt Oibreachais

5. Comhchomhairle Thionsclaíoch don Tionscal Glantóireachta ar Conradh

   Dáta Clárúcháin: An 19 Nollaig 2011

   Rúnaí: Ms. C. Cronin/Ms. C. O'Reilly, An Chúirt Oibreachais

## Aguisín 4: Tuilleadh faisnéise

Tá fáil ar thuilleadh faisnéise faoi rud ar bith a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar fáil ó:

An Chúirt Oibreachais
Teach Lansdún
Bóthar Lansdún
Baile Átha Cliath 4
D04 A3A8

Guthán: (01) 613 6666
Uimhir glao áitiúil [má táthar ag glao lasmuigh de limistéar (01)]: 1890 22 02 28
R-phost: info@labourcourt.ie
Láithreán gréasáin: www.labourcourt.ie

| **Fiosrúchán** | **Rannóg Ábhartha na Cúirte Oibreachais** | **Teagmháil** |
|---|---|---|
| Maidir le cás ar leith, roimh an éisteacht | An Rannóg Cláreagraithe | (01) 6136608, 6136650, 6136610<br>Cuir ríomhphost chuig info@labourcourt.ie |
| Maidir le cás ar leith, tar éis na héisteachta | Rúnaí na Cúirte Ábhartha | Mar a shonraítear ag an éisteacht |
| Comhchoistí Oibreachais<br>Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe/Orduithe Fostaíochta Earnála<br>Orduithe Rialúcháin Fostaíochta | Rúnaí na Cúirte Ábhartha | Mar a shonraítear ag an éisteacht |
| Faisnéis ghinearálta faoi chaidreamh tionsclaíoch agus ceisteanna faoi chearta fostaíochta. | Seirbhísí do Chustaiméirí um Chaidreamh Tionsclaíoch | 1890 80 80 90 |

## Aguisín 5: Tuarascáil airgeadais don bhliain 2020

*Tábla 5.1 Toradh na Cúirte Oibreachais 2020*

| Toradh | € |
|---|---|
| Pá | 2,580, 585 |
| Neamhphá | 195,034 |
| **Iomlán** | 2,775,619 |

*Tábla 5.2 Príomhréimsí caiteachais neamhphá*

| | € |
|---|---|
| Post/Telephones | 49,749.84 |
| Áitreabh Oifige | 47,669.64 |
| Trealamh agus Soláthairtí Oifige | 47,025.23 |
| Éisteachtaí Réigiúnacha | 10,630.38 |

### *Íocaíochtaí Prasa*

Le linn 2020, lean an Chúirt leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála) 2002).

## Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don bhliain 2020

*Príomhghníomhartha agus Táscairí Feidhmíochta*

| Cuspóir Straitéiseach | Cuspóir | Feidhmíocht |
|---|---|---|
| **Tosaíocht Straitéiseach 1: Seirbhís éifeachtach d'ardchaighdeán a thabhairt d'úsáideoirí na cúirte** | Cásanna a phróiseáil, a liostú agus bainistiú na gcásanna. | • Dul chun cinn déanta ar chur chun cinn na moltaí meántéarmacha agus fadtéarmacha ón Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó (AOG) agus go háirithe forbairt an Chórais Nua Bainistíochta Cásanna.<br>• Forbairt leanúnach ar an seomra fíorúil cúirte chun tacaíocht a thabhairt do líon níos mó cian-éisteachtaí le linn COVID-19.<br>• Caighdeán don tSeirbhís do Chustaiméirí ar aontaíodh leo do 2021 a chur ar fail |
| | Cinnte a dhéanamh go dtacaítear le gach imeacht sceidealaithe de chuid na Cúirte chun teacht le riachtanas gach úsáideora. | • Polasaí Uilíoch Dearaidh agus Inrochtana a dhréachtú faoi dheireadh R1 2021.<br>• Éifeacht a thabhairt d'alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2013 faoi dheireadh R1.<br>• Rannpháirtíocht leanúnach i gCoiste Sainchomhairleoireachta Míchumais DETE.<br>• Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sheomra fíorúil cúirte agus ar chomhéadan CMS le hinrochtaineacht d'úsáideoirí i dtús áite.<br>• Sceidealú cláir réigiúnaigh bunaithe ar fhianaise chun acmhainneacht a bharrfheabhsú (nuair/má cheadaíonn srianta COVID-19 é). |
| | Chuir béim ar choincheap na Cúirte Oibreachais mar 'Cúirt na Dídine Deiridh' i ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch agus an foras achomhairc aonair do gach gearán a dhéantar faoin dlí fostaíochta le féiniúlacht láidir branda agus cumarsáid leis an bpobal a bharrfheabhsú. | • Cumarsáid le páirtithe leasmhara chun tacú le feasacht an phobal i dtaobh Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais agus a gníomhaíochtaí<br>• Foirmeacha achomhairc nua a eisiúint chomh maith le cumarsáid chaighdeánach |
| | Caighdeáin chuí seirbhísí do chustaiméirí a fhorbairt. | • Aontú le caighdeáin seirbhíse do chustaiméirí le haghaidh 2021 |
| **Tosaíocht Straitéiseach 2: Comhaltaí na Cúirte agus an fhoireann riaracháin a** | Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na foirne riaracháin trí riachtanais oiliúna a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu chun cinnte | • Próifílí róil bainteach go soiléir le Plean Gnímh na Cúirte Oibreachais 2021<br>• Díriú ar mheantóireacht agus oiliúint. |

| Cuspóir Straitéiseach | Cuspóir | Feidhmíocht |
|---|---|---|
| **fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh** | a dhéanamh go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an taithí ag an bhfoireann a róil a fhorbairt agus a chur i gcrích | • Rannpháirtíocht na foirne i ngréasáin níos leithne agus grúpaí oibre a mholadh.<br>• Soghluaisteacht na foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>• Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna tearcfheidhmíochta agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na foirne<br>• Clár Ionduchtaithe don bhaill nua foirne a chur i bhfeidhm. |
| | Foráil a dhéanamh d'aistriú eolais chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú nuair a bhogfaidh baill den fhoireann riaracháin de bharr ardaithe céime, soghluaisteachta nó toisc go ndeachaigh siad ar scor. | • Nuashonrú rialta a dhéanamh ar lámhleabhair gnáthamh chun athruithe ar ghnáthaimh riaracháin a léiriú<br>• Rannpháirtíocht leanúnach le AD chun a chinntiú go láimhseáltar athruithe ar an bhfoireann<br>• Cruinnithe rialta a reáchtáil leis an gComhpháirtí Gnó don Chúirt Oibreachais |
| | Cumarsáid inmheánach a bharrfheabhsú | • Miontuairiscí de chruinnithe na Cúirte Oibreachais a chur chuig an bhfoireann<br>• Cruinnithe míosúla foirne a reáchtáil<br>• Cruinnithe riaracháin ráithiúla leis an gCathaoirleach a reáchtáil agus na miontuairiscí a chur chuig an bhfoireann<br>• Cumarsáid éifeachtach idir foghrúpaí chur chun feidhme BPR |
| | Leanúint leis an gclár um fhorbairt ghairmiúil do chomhaltaí na Cúirte | • Ionchur eagraithe ar fhorbairt ghairmiúil eagraithe ag comhaltaí an fhoghrúpa/an chláraitheora.<br>• Tacaíocht a thabhairt do léinn ábhartha acadúla. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 3: Teicneolaíocht a bharrfheabhsú agus próiseas na bainistíochta cásanna a fhorbairt** | Éifeachtaí a ghiniúint ó úsáid níos mó na seirbhíse ar líne | • Dul chun cinn déanta ar chur chun feidhme mholtaí meántéarmacha agus fadtéarmacha BPR.<br>• Córas bainistíochta cásanna nua a dhearadh le haghaidh céimeanna tástála agus oiliúna<br>• Tuairiscí maidir le heolas bainistíochta cuí ábhartha a chur ar fáil. |
| | Próisis agus sreabhadh oibre níos éifeachtaí a aithint agus a chur i bhfeidhm | • Forbairt leanúnach ar chórais bhainistíochta eolais chun seirbhís níos fearr a thomhais agus taca a chur faoi. |
| | Feabhsú a dhéanamh ar www.labourcourt.ie chun rochtain níos fearr agus níos oiriúnaí d'úsáideoirí a chur ar fáil ar eolas agus seirbhísí ar líne d'úsáideoirí na cúirte. | • Uirlis anailísíochta a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar thrácht agus réimsí ar gá feabhas a dhéanamh orthu a aithint<br>• Cuireann an láithreán gréasáin úsáideoirí i dtreo achomhairc a dhéanamh thar ríomhphost |

| Cuspóir Straitéiseach | Cuspóir | Feidhmíocht |
|---|---|---|
| **Tosaíocht Straitéiseach 4: Rialachas éifeachtach a chinntiú** | Leanúint le riachtanais DETE a chomhlíonadh maidir le pleanáil gnó, bainistíocht riosca, bainistíocht taifead, soláthar poiblí, gnáthaimh airgeadais, GDPR agus FOI. | • Próisis agus gnáthaimh a chur i bhfeidhm agus a choimeád chun comhlíonadh iomlán rialaithe chorparáidigh a chomhlíonadh<br>• Tuairiscí prasa a chur isteach chuig DETE<br>• Cás cuimsitheach gnó le haghaidh mhaoiniú 2022 a chur isteach chuig DETE mar chuid den phróiseas meastacháin bhliantúil. |

THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais